Iascaire ar iarraidh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi iascaire atá ar iarraidh i gContae an Chláir. Beidh na focail thíos le cloisteáil inti. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo thíos.An dtuigeann sibh mórán díobh?

1. Aonad Garda Cósta
2. cabhlach
3. ceantar aitheanta
4. cinneadh
5. go mí-ámharach
6. i dteannta
7. scuabadh
8. seirbhísí éigeandála
9. seirbhísí tarrthála
10. theip air
11. tonn bháite
12. tumadóirí

Ceist 2 Anois éist leis an tuairisc cúpla uair. Beidh tú ag cur leaganacha de na frásaí thuas isteach sna bearnaí sa script.

Eimear Ní Chonaola

Tá na _____ tar éis a bheith i mbun cuardaigh i dtuaisceart Chontae an Chláir ar iascaire atá ar iarraidh ansin ó thráthnóna inné. Bhí an fear ag iascach ó charraigeacha gar don Fhánóir nuair a scuab _____ ón bhfarraige é.

Tomás Ó Mainnín

Bhí an fear, daichead a dó bliain d'aois agus gur ón Laitvia dó ó dhúchas, ag iascach ó charraigeacha anseo ag Aillte an Daill tráthnóna inné. Bhí beirt eile ina theannta agus iad ag iascach maicréal ón gcarraig.

Bhí an fear ag iascach _____ a chairde anseo thíos ar fhaobhar na talún tráthnóna inné. Tuigtear go gcuaigh sé síos ag dtí an t-uisce chun buicéad uisce a ghabháil, chun an t-iasc a cuireadh… ar rugadh air a ní, ach tuigtear go dtáinig tonn air agus gur _____ amach chun na farraige é. Do léim duine dá chairde i bhfarraige ag iarraidh é a shábháil ach _____. Bhí culaith báistí bhuí ar an bhfear atá ar iarraidh agus bhí sé le feiscint ag a chairde ar feadh tréimhse. Cé gur ón Laitvia dó bhí sé ina chónaí i Longfort a thuigtear. Tháinig na _____ ar an láthair ach le titim na hoíche aréir caitheadh éirí as. Maidin inniu thosnaigh baill ó _____ Dhúlainn i mbun cuardaigh ón dtalamh arís. Tá súil le _____ ón g_____ anseo tráthnóna am éigin, ach de bharr farraige gairbhe inniu _____ gan dul i mbun cuardach farraige go dtí níos déanaí.

Is _____ iascaigh an áit seo, ach is é seo an tríú tubaiste farraige anseo le ceithre bliana anuas. Bádh beirt eile anseo agus iad ag iascach ó charraigeacha chomh maith. _____ is é seo an dara duine ón Laitvia atá imithe i bhfarraige anseo.

Ceist 3 Déan féin agus an duine in aice leat plé ar na ceisteanna seo le chéile:

1. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoin bhfear atá ar iarraidh?
2. Conas a thit sé san fharraige?
3. Cad iad na modhanna tarrthála ar fad atá luaite sa mhír?

Ceist 4 '…**Is** ceantar aitheanta iascaigh an áit seo…'

(a) Cén ghné den ghramadach é 'Is'?

(b) Cathain a úsáidtear ***Is*** agus cathain a úsáidtear an briathar ***Bí***? Déan plé leis an duine in aice leat faoi. Féachaigí ar na samplaí thíos:

Is as Sasana mé.
Is fear é.
Is dalta scoile mé.

Tá mé i *mo chónaí* i...
Tá mé *go maith*.
Bím *ag imirt* peile gach lá

(c) Scríobhaigí abairtí ar nós na n-abairtí thuas, ach atá fíor fúibh féin.

Ceist 5 '…ó dhúchas…'

Cuir na nathanna seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ó dhúchas
- cainteoir dúchais
- áit dúchais
- briseann an dúchas trí shúile an chait.

Ceist 6 Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa, agus tugaigí buille faoi thuairim faoi na spóirt ar fad a dhéantar in Éirinn atá sách dainséarach. Bígí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh amhlaidh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Buille faoi thuairim atá i gceist anseo go pointe – beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht leis na focail i gcomhthéacs ar ball. Níl na focail seo le ceartú sula n-éistfidh siad leis an tuairisc.

1. Aonad Garda Costa	*Coast Guard Unit*
2. cabhlach	*fleet*
3. ceantar aitheanta	*known area*
4. cinneadh	*it was decided*
5. go mí-ámharach	*unfortunately*
6. ina theannta	*with him*
7. scuabadh	*he was wiped out, scooped*
8. seirbhísí éigeandála	*emergency services*
9. seirbhísí tarrthála	*rescue services*
10. theip air	*he failed*
11. tonn bháite	*stormy ocean wave*
12. tumadóirí	*divers*

Ceist 2

Féach an script. Déan iarracht an oiread eolais agus is féidir a mhealladh ó na foghlaimeoirí faoi aimsirí, aidiachtaí sealbhacha agus a leithéid le linn duit na bearnaí a cheartú.

Ceist 3

1. Ba as an Laitvia é ach bhí sé ina chónaí i Longfort. Bhí sé ag iascaireacht maicréal lena chuid cairde i gContae an Chláir. Bhí culaith báistí bhuí air.
2. Chuaigh sé síos chun na farraige chun uisce a chur i mbuicéad leis an iasc ar rug sé air a ní. Scuab tonn bháite é isteach san fharraige.
3. Léim a chara isteach ina dhiaidh ach theip air a chara a tharrtháil. Bhí baill ó Gharda Cósta Dhúlainn á chuardach ón talamh. Beidh tumadóirí ag dul i mbun cuardach farraige chomh luath is a mhaolaíonn an aimsir.

Ceist 4

An Chopail. Baintear úsáid as an gcopail (***is***) nuair a bhíonn ainmfhocal i gceist nó nuair a táthar a rá carb <u>as</u> do dhuine Féach na focail a bhfuil líne fúthu thuas. Baintear úsáid as an mbriathar ***Bí*** nuair a bhíonn aidiacht, ainm briathartha nó frása réamhfhoclach (seachas ‘as’) i gceist. Féach na focail i gcló Iodálach thuas.

Ceist 5

ó dhúchas – Is as Cathair na Gaillimhe ó dhúchas mé.
cainteoir dúchais – Is cainteoir dúchais Gaeilge mé. T ógadh le Gaeilge mé.
áit dúchais – Is í Cathair na Gaillimhe m’áit dúchais.
briseann an dúchas trí shúile an chait – Tá an-dúil agam sa spórt agus is peileadóir an-mhaith mé, briseann an dúchas trí shúile an chait mar a déarfá, mar ba pheileadóir an-mhaith é m’athair freisin,

Ceist 6

Tabhair deis do gach grúpa an cheist seo a phlé le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Tá na seirbhísí tarrthála tar éis a bheith i mbun cuardaigh i dtuaisceart Chontae an Chláir ar iascaire atá ar iarraidh ansin ó thráthnóna inné. Bhí an fear ag iascach ó charraigeacha gar don Fhánóir nuair a scuab tonn bháite ón bhfarraige é.

Tomás Ó Mainnín
Bhí an fear, daichead a dó bliain d'aois agus gur ón Laitvia dó ó dhúchas, ag iascach ó charraigeacha anseo ag Aillte an Daill tráthnóna inné. Bhí beirt eile ina theannta agus iad ag iascach maicréal ón gcarraig.

Bhí an fear ag iascach i dteannta a chairde anseo thíos ar fhaobhar na talún tráthnóna inné. Tuigtear go gcuaigh[1] sé síos ag dtí an t-uisce[2] chun buicéad uisce a ghabháil, chun an t-iasc a cuireadh… ar beireadh[3] air a ní, ach tuigtear go dtáinig tonn air agus gur scuabadh amach chun na farraige é. Do léim duine dá chairde i bhfarraige ag iarraidh é a shábháil ach theip air. Bhí culaith báistí bhuí[4] ar an bhfear atá ar iarraidh agus bhí sé le feiscint ag a chairde ar feadh tréimhse. Cé gur ón Laitvia dó bhí sé ina chónaí i Longfort a thuigtear. Tháinig na seirbhísí éigeandála ar an láthair ach le titim na hoíche aréir caitheadh éirí as. Maidin inniu thosnaigh baill ó Aonad Garda Cósta Dhúlainn i mbun cuardaigh ón dtalamh arís. Tá súil le tumadóirí ón gcabhlach anseo tráthnóna am éigin, ach de bharr farraige gairbhe inniu cinneadh gan dul i mbun cuardach farraige go dtí níos déanaí.

Is ceantar aitheanta iascaigh an áit seo, ach is é seo an tríú tubaiste farraige anseo le ceithre bliana anuas. Bádh beirt eile anseo agus iad ag iascach ó charraigeacha chomh maith. Go mí-ámharach is é seo an dara duine ón Laitvia atá imithe i bhfarraige anseo.

Leanfaidh an cuardach anseo go dtí titim na hoíche agus mura mbeidh aon rath air, tá súil go rachaidh tumadóirí ón gcabhlach i mbun cuardaigh anseo amárach. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, i dtuaisceart Chontae an Chláir.

[1] *go ndeachaigh* atá sa chaighdeán
[2] *An uisce* a deirtear.
[3] *ar rugadh* air atá sa chaighdeán
[4] *buí* a deirtear